Freisin i mí na Nollag 2004 d'éirigh an tUasal Eugene Nixon as mar bhall den Bhord. Bhí sé ar an mBord mar Chigire Teicniúil ó mhí Dheireadh Fómhair 2000. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh agus buíochas a ghabháil leis an Uasal Nixon as comhairle den scoth a chuir sé ar fáil le tamall de bhlianta anuas. Guím gach rath air don todhchaí.

Déarfaidh mé focal gairid anois faoi imeachtaí an Bhoird sa Bhliain 2004. Tháinig méadú ar líon na n-achomharc a fuair an Bord. Tá sonraí maidir leis na hAchromhirc a fuarthas tugtha ar leathanach 7 den tuarascáil seo.

Go hachomair, fuarthas 21 achomharc san iomlán, a bhain le 15 chinneadh ceadúnaithe ag an Aireacht. Bhí achomharc amháin eile ann áfach, ag fanacht ar chinneadh ó 2003. D'fhág sin go raibh 22 chinneadh le déanamh. Tá áthas orm a rá nach raibh ach trí achomharc ag fanacht ar chinneadh faoi dheireadh 2004. Tá sonraí i dtaobh na gcinntí a rinneadh i 2004 tugtha ar leathanach 11 agus 12 den tuarascáil seo.

Mar Chathaoirleach, is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair bhaill an Bhoird agus buíochas a ghabháil leo agus leis an Rúnaíocht as a dtacaíocht leanúnach iontaofa i gcaitheamh na bliana.

**CONLETH BRADLEY**  
**CATHAOIRLEACH**

# BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS GINEARÁLTA

CATHAOIRLEACH

\* AN tUAS CONLETH BRADLEY

LEAS-CHATHAOIRLEACH

+ DR ANN QUINN, BSc., PhD., MIPI., FCIArb.

GNÁTHBHAILL

+ AN tUAS. MICHAEL HARTE, B.Oid.

+ MRS MARY NOLAN

# AN tUAS MARIO MINEHANE

# AN tUAS SEÁN MURPHY

# AN tUAS LORCÁN Ó CINNÉIDE

\* Ceaptha ag an Rialtas le haghaidh tréimhse cúig bliana, ag tosú ar an 17 Iúil 2003.

+ Athcheaptha ag an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an tUasal John Browne, T.D., le haghaidh tréimhse bliana ag tosú ar an 17 Iúil 2003.

# Ceaptha ag an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, An tUas John Browne, T.D., le haghaidh tréimhse ó 4 Nollaig 2003 go dtí 31 Nollaig 2004. I mí na Nollag 2004 d'fhógair Pat 'the Cope' Ó Gallachóir, T.D., na hathcheapacháin, ar feadh tréimhse trí bliana a bhfuil i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2005.

RÚNAÍ

MS ANN KISSANE

MS CAROL LODOLA, I BHFEIDHM Ó LÚNASA 2004

OIFIG CHLÁRAITHE

Teach Holbrook

An 3ú Urlár

Sráid Holles

Baile Átha Cliath 2

INNIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Foирgneamh an Státhiste

Caisleán Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

SEOLADH IDIRLÍN

[www.alab.ie](http://www.alab.ie)

RÍOMHPHOST

[info@alab.ie](mailto:info@alab.ie)

# FÓTAGRAIF DE BHAILL AN BHOIRD



*Conleth Bradley  
Cathaoirleach*



*An Dr Ann Quinn  
Leas-Chathaoirleach*



*Michael Harte  
Ball*



*Mario Minehane  
Ball*



*Seán Murphy  
Ball*



*Mary Nolan  
Ball*



*Lorcán Ó Cinnéide  
Ball*

# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

Tá roinnt eolais ghinearálta anseo thíos maidir leis an mBord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. D'fhonn teacht ar léirthuiscent a fháil ar oibriúchán an phróisis achomhairc chomh maith leis an gcóras ceadúnúcháin ba chóir féachaint ar an Acht lascaireachta (Leasú) 1997, ar an Acht lascaireachta agus Urthrá (Leasú), 1998, ar na Rialacháin um Dhobharshaothrú (larratas Ceadúnúcháin), 1998 agus ar an reachtaíocht is déanaí, an tAcht lascaireachta (Leasú), 2001.

## BUNÚ AN BHOIRD

Bunaíodh an Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht lascaireachta (Leasú), 1997. Tá Baill uile an Bhoird ag feidhmiú ar bhonn páirtaimsire.

## FEIDHM

Is í feidhm an Bord bheith ina údarás neamhspleách le cinntí a dhéanamh ar achomhairc in aghaidh cinnte an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha maidir le hiarratais ar cheadúnais um dhobharshaothrú. Tig le duine éagóraithe ag cinneadh an Aire maidir le hiarratas ceadúnúcháin, nó maidir le cúlghairm nó leasú ar cheadúnas um dhobharshaothrú, achomharc a dhéanamh laistigh de mhí ó fhoilsiú (i gcás cinnte) nó ó fhogairt (i gcás cúlghairme/leasaithe).

## STÁDAS

Comhlacht neamhspleách is ea an Bord lena chistíocht féin a sholáthraíonn an tOireachtas faoi Alt 36 den Acht.

## BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Mar a phoráltar faoi Alt 23 den Acht lascaireachta (Leasú), 1997, tá Cathaoirleach agus seisear Ball eile ar an mBord. Cheap an Rialtas an Cathaoirleach, an tUasal Conleth Bradley, abhcóide cleachtais le haghaidh tréimhse cúig bliana ag tosú ar an 17 Iúil 2003.

Bhí an Dr Ann Quinn, an tIar-Leas-Chathaoirleach, mar bhall den Bhord ó 12 Samhain 2001 go dtí 16 Iúil 2004.

Bhí an tUasal Mary Nolan agus an tUasal Michael Harte mar bhaill den Bhord ón uair ar bunaíodh é go dtí 16 Iúil 2004.

# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

Bhí an tUasal Mario Minehane, an tUasal Seán Murphy agus an tUasal Lorcán Ó Cinnéide ar an mBord ó 4 Nollaig 2003. D'fhógair an tUas Pat the Cope Ó Gallachóir a n-athcheapacháin le haghaigh tréimhse trí bliana, i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2005.

Ag cruinniú mí na Nollag 2004, d'fhógair an tUas Pat the Cope Ó Gallachóir, T.D., an tAire Mara, ceapachán an tUasal Damien McDonald, Ms Karin Dubsky agus Mary McMahon le haghaidh tréimhse dhá bhliain, i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2005 chun ionaid na mball ag fágáil a ghlacadh.

## COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

Ag teacht le *hAit 23(3)* den Acht, rinne an tAire Mara agus Acmhainní Nádúrtha Rialacháin ag forordú ballraíochta do dhá cheann ar a laghad d'agraíochtaí ionadacha ar na grúpaí seo a leanas:

- (a) eagraíochtaí atá ag gabháil do chothú forbartha ar dhobharshaothrú nó atá ionadach ar dhaoine atá ag gabháil do ghnó forbartha ar dhobharshaothrú;
- (b) eagraíochtaí atá ag gabháil do chaomhnú, forbairt agus cosaint iascaireachtaí fiáine;
- (c) eagraíochtaí ionadacha ar dhaoine a mbaineann a ngairmeacha nó a slite beatha le pleánail agus forbairt fhisiciúil;
- (d) eagraíochtaí ionadacha ar dhaoine atá ag gabháil do chosaint agus chaomhnú an chomhshaoil agus taitneamhachtaí;
- (e) eagraíochtaí ionadacha ar dhaoine atá ag gabháil do chothú na forbartha eacnamaíochta coitinn agus
- (f) eagraíochtaí ionadacha ar dhaoine atá ag gabháil do chothú forbartha pobail.

## FREAGRACHTAÍ

Mar atá anseo thíos atá príomhfhreagrachtaí agus cumhachtaí an Bhoird:

Faoi Alt 40(4) den Acht, ar fáil achomharc don mBord, agus ar choinníoll nach ndéantar tarraigte siar air, tig leis an mBord cinneadh a dhéanamh faoin achomharc mar a leanas:

- (a) trí dheimhniú a dhéanamh ar chinneadh nó gníomhaíocht an Aire, nó

# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

(b) trí chinneadh a dhéanamh faoin iarratas ar cheadúnas amhail is gur don mBord a cuireadh an t-iarratas i dtosach báire, nó

c) maidir le cúlghairm nó leasú cheadúnais, a chinneadh féin a chur in áit chinnte an Aire.;

Faoi Alt 43 agus 44 den Acht, ní mór don mBord cóip den bhfógra aghomhairc a chur chuig an Aire agus chuig gach páirtí eile leasmhar san aghomharc.;

Faoi Alt 46 den Acht, tig leis an mBord aighneachtaí nó tuairimí a fháil ó pháirtithe nó ó dhaoine eile a chuir aighneachtaí nó tuairimí faoi bhráid an Bhoird roimhe sin maidir leis an aghomharc más dóigh leis an mBord agus sna cúinsí áirithe sin, gur chun leasa an cheartais é é sin a dhéanamh.

Faoi Alt 47 den Acht, tig leis an mBord éileamh a dhéanamh ar dhoiciméid, sonraí nó eolas eile a cheapann sé a bheith riachtanach chun críche cinnte ar aghomharc;

Faoi Alt 49 den Acht, tá díscréid iomlán ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól ar aghomharc;

Faoi Alt 56 den Acht, déanfaidh an Bord deimhin de go bpléitear le hachomhairc agus go ndéantar cinntí ina dtaobh a thapúla agus is féidir agus go nglactar gach céim chuí chun moill gan ghá a sheachaint.

## COMHAIRLEACHA AGUS COMHAIRLEOIRÍ

Faoi Alt 35 den Acht, tig leis an mBord cibé comhairleacha agus comhairleoirí is dóigh leis a bheith riachtanach chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh a fhostú. Íocfaidh an Bord táillí dlite leo sin as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas. Níor fhostaigh an Bord aon chomhairligh ná comhairleoirí i rith 2004

## RÚNAÍOCHT

Faoi Alt 32 den Acht, beidh oifigeach de chuid an Aire atá ina státseirbhiseach bunaithe agus atá ar iasacht ag an mBord chun na críche sin, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, ina Rúnaí ag an mBord.

# IMEACHTAÍ AN BHOIRD I 2004

404

## ACHOMHAIRC A FUARTHAS

I 2004 fuair an Bord 21 achomharc san ionlán, méadú suntasach ar mhéid na n-achomharc a fuarthas i 2003.

Chomh maith leis na 21 achomharc a fuarthas i 2004, bhí achomharc amháin eile fós le cinneadh ó 2003, rud ab ionann agus 22 achomharc ar fad le cinneadh a dhéanamh orthu. Bhain na 21 n-achomharc a fuarthas le 15 chinneadh ceadúnais Aireachta as ionlán de 39 gcinneadh Aireachta a rinneadh i 2004 agus a bhí inachomharctha.

Bhain 18 as 21 achomharc a fuarthas i 2004 le deonadh ceadúnas do shaothrú diúilicíní, 2 cheann le hoisrí agus ceann amháin le breac dea-dhathach.

## ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

Ag teacht le hAlt 73 den Acht lascaireachta (Leasú), 1997, tig le duine iarratas a chur isteach ar athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird mar iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, ar choinníoll go ndéantar é laistigh de thrí mhí ag tosú ar an dáta ar ar rinneadh an cinneadh.

Bhí iarratas amháin ar athbhreithnú breithiúnach i 2004 agus seo a leanas na sonraí:

Iarratas a rinne tríu páirtí, ar an 24 Samhain 2004, maidir le cinneadh an Bhoird, dár dáta 25 Lúnasa 2004, maidir le ceadúnas do dhobharshaothrú a deonadh ar Alex McCarthy Shellfish chun diúilicíní a bhunshaothrú i Loch Cairlinn, Co. Lú. Tá an cás seo ag fanacht le dáta a bheith sannaithe chun éisteachta.

## ACHOIMRE NA gCINNTE

Rinne an Bord 14 chinneadh san ionlán i 2004.

De thairbhe sin, deonadh 12 cheadúnas um dhobharshaothrú le coinníollacha athbhreithnithe, gach ceann acu bainteach le diúilicíní. Thacaigh an Bord le hachomharc amháin trí dhiúltú ceadúnais um dhobharshaothrú a dheonadh do shaothrú bradán. I gcás achomhairc amháin in aghaidh chinneadh an Aire diúltú ceadúnais a dheonadh chun diúilicíní a shaothrú dhearbaigh an Bord cinneadh an Aire.

I gcaitheamh 2004, cheadúnaigh an Bord achar 554.9 ha. ar fad do dhiúilicíní.

# IMEACHTAÍ AN BHOIRD I 2004

## SONRAÍ AR ACHOMHAIRC A FUARTHAS AGUS NA gCINNTÍ A RINNEADH I 2004

Faoi Alt 40(4) den Acht lascaireachta (Leasú), 1997, tá an rogha ag an mBord, agus achomhairc á gcinneadh:

- (i) Cinneadh an Aire ceadúnas a dheonadh nó a dhiúltú a dheimhniú nó
- (ii) cinneadh agus eisiúint a dhéanamh ar a cheadúnas féin um dhobharshaothrú amhail is gur don mBord a cuireadh an t-iarratas i dtosach báire.

Nuair a chinn an Bord gur theastaigh uaidh téarmaí nó coinníollacha ceadúnais a dheonaigh an tAire a athrú, rinne sé amhlaidh trína cheadúnas féin, le téarmaí agus coinníollacha breise, a eisiúint.

***Ag teacht lena bhfull thusas, cuimsíonn an t-eolas sna leathanaigh seo thíos -***

- a) Miondealú ar chinntí an Bhoird do na blianta 1999 go dtí 2004, an dá bhliain sin san áireamh;
- b) Léarscáil ag léiriú láithreacha na suíomh achomharchta agus achoimre eolais agus
- c) Tábla ag léiriú torthaí na gcinntí a rinne an Bord ar achomhairc i 2004 ag cur san áireamh ábhar an achomhairc, sonraí i dtaobh na nAchomharcóirí agus toradh agus dáta cinnte gach cinneadh achomhairc.

# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE


## MIONDEALÚ AR CHINNTÍ AN BHOIRD 1999 - 2004

BLIAIN	ACHOMHAIRC A FUARTHAS	AIS - TARRAINGTHE	MEASTA NEAMHBHAILÍ	CINNTÍ AN BHOIRD	CEADÚNAIS DEONTA	CINNEADH AN AIRE DEIMHNITHE	ACHOMHAIRC TACAITHE
1999	88	0	2	25	16	7	0
2000	38	0	2	83	37	5	2
2001	76	30	1	38	14	1	1
2002	13	3	2	29	24	0	2
2003	7	0	0	16	2	1	6
2004	21	1	4	14	12	1	1

# CINNTÍ AN BHOIRD 2004

 CEADÚNAS DIÚLICÍN

 CEADÚNAS BRADÁN



# CINNTÍ AR ACHOMHAIRC I 2004

ÁBHAR AN ACHOMHAIRC	ACHOMHARCÓIRÍ	CINNEADH AN BHOIRD AGUS DÁTA
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha le ceadúnas dohtarshaothraithe a <b>CHEADÚ</b> do shaothrú bradáin ar láithreán amháin ag Droichead na Creatalaí, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh, uimh.thagartha láithreán T7/9 chuig <b>BORD IASCAIGH RÉIGIÚNACH NA SIONAINNE</b>, Cora Thuamhan, Luimneach.</p>	<p><b>LIAM FLYNN</b>, Gairdín an Chlochair, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh.</p>	<p><b>SEASADH LEIS AN ACHOMHARC (DIÚLTAÍODH AN CEADÚNAS)</b> 10/5/04</p>
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dhiúltú</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP1/1/04, TO1/72A do <b>FRESCO SEAFOODS LTD</b>, Cé Phort na Banríona, Caisleán Nua, Co Dún na nGall.</p>	<p><b>FRESCO SEAFOODS LTD</b>, Cé Phort na Banríona, Caisleán Nua, Co Dún na nGall.</p>	<p><b>CEADÚNAS A DHIÚLTÚ</b> 29/7/2004</p>
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP2/1/04, TO1/29B do <b>LIAM O'CONNOR</b>, An Choitiantacht Thuaidh, Na Líbeartaí, Loch Cairlinn, Co. Lú.</p>	<p><b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.</p>	<p><b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 29/7/2004</p>
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP3/1/04 TO1/50C do <b>CARLINGFORD LOUGH SHELLFISH COOPERATIVE LTD.</b>, Lána na hAbhann, Loch Cairlinn, Co. Lú.</p>	<p><b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.</p>	<p><b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 29/7/2004</p>

# CINNTÍ AR ACHOMHAIRC I 2004

ÁBHAR AN ACHOMHAIRC	ACHOMHARCÓIRÍ	CINNEADH AN BHOIRD AGUS DÁTA
Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP3/2/04 T01/50C do <b>CARLINGFORD LOUGH SHELLFISH COOPERATIVE LTD</b> , Lána na hAbhann, Loch Cairlinn, Co. Lú.	<b>ÚDARÁS CUAIN AN PHIONTE</b> An Pointe, Co. an Dún, Tuaisceart Éireann BT34 3JR	<b>ACHOMHARC NEAMHBHAILÍ</b>
Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP4/1/04 T01/56D do <b>ALEX MCCARTHY SHELLFISH</b> , Cnoc na Spideoige, Cill Díomá, Co. Luimnigh.	<b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.	<b>CEADÚNAS A DHEONADH</b> 25/8/2004
Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP4/2/04 T01/56D do <b>ALEX MCCARTHY SHELLFISH</b> , Cnoc na Spideoige, Cill Díomá, Co. Luimnigh.	<b>MICHAEL MCGREEVY</b> 45 Bóthar Iúr Chinn Trá, Cill na Chaoil, Co. an Dún, Tuaisceart Éireann BT34 4DT	<b>CEADÚNAS A DHEONADH</b> 25/8/2004
Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP4/3/04 T01/56D do <b>ALEX MCCARTHY SHELLFISH</b> , Cnoc na Spideoige, Cill Díomá, Co. Luimnigh.	<b>ÚDARÁS CUAIN AN PHIONTE</b> An Pointe, Co. an Dún Tuaisceart Éireann BT34 3JR	<b>NEAMHBHAILÍ</b>

# CINNTÍ AR ACHOMHAIRC I 2004

ÁBHAR AN ACHOMHAIRC	ACHOMHARCÓIRÍ	CINNEADH AN BHOIRD AGUS DÁTA
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP5/1/04 T01/59A1 do <b>LIAM FLYNN</b>, 28 Páirc Chloch Ria, Bessbrook, lúr Chinn Trá, Co. an Dún.</p>	<b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.	<b>AIS-TARRAINGTHE</b>
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP6/1/04 T01/60A1 do <b>Hugh McCrum</b> 15, Na Tithe Nua, Knocknagoran, Ó Meith. Co. Lú.</p>	<b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.	<b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 29/7/2004
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP7/1/04 T01/61A1 do <b>CIARAN MORGAN</b>, Ardachadh, Ó Méith, Co. Lú</p>	<b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.	<b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 29/7/2004
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin tag. AP8/1/04, T01/661 do <b>SEAMUS PETER CURRAN AGUS JAMES BURDEN</b></p>	<b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.	<b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 29/7/2004

# CINNTÍ AR ACHOMHAIRC I 2004

ÁBHAR AN ACHOMHAIRC	ACHOMHARCÓIRÍ	CINNEADH AN BHOIRD AGUS DÁTA
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do bhunshaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin tag. AP8/2/04, T01/661 do <b>SEAMUS PETER CURRAN AGUS JAMES BURDEN</b></p>	<p><b>EMERALD MUSSELS LTD</b> c/o Patrick J Durkan &amp; Co., Aturnaetha, Cathair na Mart, Co. Maigh Eo.</p>	<p><b>NEAMHBHAILÍ</b></p>
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP9/1/04 T01/69A do <b>TOMMIE MARKS</b>, Bóthar an Chladaigh, Templeton, Co. an Lú</p>	<p><b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.</p>	<p><b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 29/7/2004</p>
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do bunshaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP10/1/04 T01/70A1 do <b>CLOUGHMORE SHELLFISH</b>, 64 An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall.</p>	<p><b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.</p>	<p><b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 25/08/2004</p>
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do bunshaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag. AP11/1/04 T01/71A do <b>CLOUGHMORE SHELLFISH</b>, 64 An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall.</p>	<p><b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.</p>	<p><b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 25/08/2004</p>

# CINNTÍ AR ACHOMHAIRC I 2004

ÁBHAR AN ACHOMHAIRC	ACHOMHARCÓIRÍ	CINNEADH AN BHOIRD AGUS DÁTA
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do bunshaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag.</p> <p>AP12/1/04 T01/72B1 <b>FRESCO SEAFOODS LTD.</b>, Cé Phort na Banríona, Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall.</p>	<p><b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.</p>	<p><b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 29/07/2004</p>
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do bunshaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag.</p> <p>AP13/1/04 T01/74A1 do <b>EMERALD MUSSELS LTD.</b>, Ravenscliff, Maigh Bhile, Co. Dhún na nGall.</p>	<p><b>AN ROIÑN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁTIÚIL</b> An tAonad um larratais Forbartha, Urlár 4, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.</p>	<p><b>CEADÚNAS A CHEADÚ</b> 25/08/2004</p>
<p>Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ceadúnas um dhobharshaothrú do bunshaothrú Diúilicíní a <b>Dheonadh</b> ar shuíomh amháin i Loch Cairlinn, tag.</p> <p>AP13/2/04 T01/74A1 do <b>EMERALD MUSSELS LTD.</b>, Ravenscliff, Maigh Bhile, Co. Dhún na nGall.</p>	<p><b>ÚDARÁS CUAIN AN PHIONTE</b> An Pointe, Co. an Dún Tuaisceart Éireann BT34 3JR</p>	<p><b>NEAMHBHAILÍ</b></p>

# **AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE**

**RÁITIS AIRGEADAIS  
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2004**



# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

## CLÁR

	LCH.
Ráiteas i leith Freagrachtaí an Bhóird	46
Ráiteas maidir le Rialúcháin Inmheánacha Airgeadais	47
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	48
Ráiteas i leith Beartas Cuntasáiochta	49
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	50
Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2004	51
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	52 - 53

# RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Éilíonn Alt 37(1) den Acht lascaigh (Leasú), 1997 go gcoimeádfaidh an Bord na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i bhfeidhm.
- aon imeacht ábhartha as na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a mhíniú

Tá an Bord freagrach as cuntais chearta a choimeád a noctann go réasúnta cruinn tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird trínar féidir a chinntíú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 37 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as a gcuid sócmhainní a chosaint agus bearta réasúnacha a ghlacadh le calaois agus neamhri-altachtaí eile a chosc agus a bhrath.



CONLETH BRADLEY  
CATHAOIRLEACH



MS CAROL LODOLA  
RÚNAÍ

9 Nollaig 2005

DÁTA

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚCHÁIN INMHEÁNACHA AIRGEADAIS

Admhaíonn an Bord an fhreagracht atá air as córas rialúcháin airgeadais an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Aithníonn sé freisin nach féidir le haon chórás rialúcháin airgeadais urrús absalóideach a thabhairt ach urrús réasúnach go ndéantar earráidí ábhartha a chosc. Is mar seo a leanas na rialúcháin inmheánacha airgeadais a bhí i bhfeidhm ag an mBord le linn 2004:

- Tá Rúnaíocht an Bhoird eolach ar ghnáis rialúcháin airgeadais, gnáis sholáthair, fhéichiúnaithe agus chreidiúnaithe san áireamh.
- Scrúdaíonn agus údaraíonn an Rúnaí gach sonrasc sula n-íocatar as.
- Síníonn an Rúnaí gach seic agus ceanglaítear síniú breise ó bhall amháin eile den Bhord.
- Cuirtear ar aghaidh sonraí caiteachais chuig Aonad Airgeadais na Roinne go míosúil.
- Tá gnólacht Cuntasóirí ceaptha ag an mBord leis na Ráitis Airgeadais a ullmhú don iniúchadh bliantúil ar ioncam agus caiteachas an Bhoird.
- Taobh amuigh de tháillí dlí agus de tháillí proifisiúnta, tá an chuid is mó de chaiteachas an Bhoird tabhaithe ag tuarastail foirne, luach saothair agus taisteal agus cothabháil bhaill an Bhoird. Íocann an Roinn tuarastail foirne agus na héilimh taistil agus cothabhála agus faigheann sí aisíoc ar an gcaiteachas seo ón Bhord. Le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2004 íocatar go háitiúil na héilimh taistil agus cothabhála do bhaill an Bhoird. Tá cuideachta párola seachtrach ceaptha ag an mBord le déileáil le luach saothair bhaill an Bhoird.

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALÚCHÁIN

- Ní dhearna an Bord aon athbhreithniú foirmiúil ar a gcuid rialúcháin airgeadais le linn 2004. Cheap an Bord gnólacht Cuntasóirí, áfach, i 2004 le seirbhís iniúchta inmheánaigh a sholáthar don Bhord. Níor cuireadh ceachtar de na hathbhreithnithe i gcrích i leith 2004; ach tá súil ag an mBord go mbeidh an t-athbhreithniú deiridh curtha i gcrích roimh dheireadh 2005.



CONLETH BRADLEY  
CATHAOIRLEACH



MS CAROL LODOLA  
RÚNAÍ

9 Nollaig 2005

DÁTA

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Ta na ráitis airgeadais ar leathanaigh 5 go dtí 10 iniuchta agam faoi Alt 37 den Acht lascaigh (Leasu), 1997.

### FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach ar leathanach 2. Tá sé de fhreagracht ormsa tuairim neamhspleáach a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsíú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanach 3 ar an gcóras urn rialú inrnheánach airgeadais le féachaint an léirítéar ann gur chomhlíon an Bord treoir infheidhmithe maidir le rialachas corporáideach agus tuairiscí ar aon chás ábhartha nach ndéanann an Bord amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis ei1e atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

### AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIM IR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh agus a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil leis an mbealach a bhainistítear agus a oibrítear na comhlachtaí sin.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an oireann na beartais chuntasáiochta don bhail atá ar chúrsai an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteach ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásula is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san ionlán freisin.

### TUAIM

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBord Achromhirc urn Cheadúnais Dobharshaothraithe agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fiorcheart ar staid chúrsaí an Bhoird Achromhirc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar an 31 Nollaig 2004 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bliaín dar críoch sin.



GERARD SMYTH

*Le haghaidh agus thar ceann an  
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

14 Nollaig 2005

# RÁITEAS I LEITH BEARTAS CUNTASAÍOCHTA

## 1. GINEARÁLTA

Bunaíodh an Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Déileáileann an Bord le hAchromhairc in aghaidh cinneadh an Aire a bhaineann le ceadúnais dobharshaothraithe.

## 2. BONN CUNTASAÍOCHTA

Uillimhaítear na ráitis airgeadais faoi ghnás fabhruthe cuntasaíochta, ach amháin mar atá léirithe thíos, agus de réir cleachtais cuntasaíochta choitianta faoi réir an choinbhinsiúin chostais stairiúil. Glactar leis na caighdeáin tuairiscithe airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, faoi mar a thagann siad i ngníomh.

## 3. IONCAM

Is ar bhonn fáltais a aithnítear táillí Achromhairc sna Ráitis Airgeadais.

Is ar bhonn fáltais airgid a aithnítear Deontais Oireachtas ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, sna cuntais.

## 4. CUNTAS CAIPITIL

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach an ioncaim gan amúchadh a úsáidtear d'fheidhmeanna caipitil.

## 5. DÍMHEAS

Díscróibhtar costas nó luacháil sócmhainní seasta inláimhsithe, sócmhainní léasaithe san áireamh, i dtráthchodanna cothroma mar seo a leanas:

Trealamh Oifige	3 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	3 bliana

## 6. AOISLIÚNTAS

Tá foireann an Bhoird ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus tá siad clúdaithe faoi scéim pinsean na Roinne. Níl aon scéim pinsean i bhfeidhm ag an mBord.

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2004

	2004	2003
	€	€
<b>IONCAM</b>		
Táillí Achomhairc	<b>3,046</b>	1,523
Deontais Oireachtas	<b>263,000</b>	215,000
Aistrithe (go)/ ó C(h)untas Caipitil	<b><u>1,420</u></b>	<b><u>4,406</u></b>
	<b>267,466</b>	220,929
<b>CAITEACHAS</b>		
Tuarastail	<b>88,746</b>	122,662
Táillí agus costais Bhaill an Bhoird	<b>39,024</b>	28,708
Foilseacháin	<b>814</b>	4,181
Comhdhálacha agus Oideachas	<b>5,365</b>	4,316
Stáiseanóireacht agus soláthairtí Oifige	<b>5,008</b>	4,284
Glantóireacht	<b>4,348</b>	3,778
Deisiúcháin, cothabháil agus slándáil	<b>9,606</b>	9,823
Postas	<b>2,726</b>	2,312
Costais cháiréireachta	<b>1,428</b>	1,411
Fógraiocht	<b>742</b>	536
Teileafón	<b>6,461</b>	6,999
Costais Taistil	<b>25,211</b>	15,297
Éadach agus Trealamh	<b>225</b>	78
Costais Tumadóireachta	<b>3,062</b>	2,426
Táillí Dlí agus Proifisiúnta (Nóta 4)	<b>259,394</b>	8,530
Cuntasóireacht	<b>5,683</b>	5,004
Táillí Iniúchta	<b>4,605</b>	4,468
Táillí Bainc	<b>232</b>	211
Ilhostais	<b>4,418</b>	3,735
Dímheas	<b><u>1,665</u></b>	<b><u>4,748</u></b>
	<b>468,763</b>	233,507
<b>BARRACHAS/ (EASNAMH) DON BHLIAIN</b>		
Barrachas/ (easnamh) ag túis na bliana	<b>(201,297)</b>	(12,578)
	<b><u>1,110</u></b>	<b><u>13,688</u></b>
<b>BARRACHAS AG DEIREADH NA BLIANA</b>		
	<b>(200,187)</b>	1,110
	<b>=====</b>	<b>=====</b>

Níl aon ghnóthachan ná caillteanas aitheanta, seachas na torthaí arna leagan amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas i leith Beartas Cuntasáiochta agus na Nótaí ó 1 go 6.



CONLETH BRADLEY - CATHAOIRLEACH

9 Nollaig 2005

DÁTA



MS CAROL LODOLA - RÚNAÍ

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIRL

## AN 31 NOLLAIG 2004

SÓCMHAINNÍ IN ÚSÁID	NÓTAÍ	2004	2003
		€	€
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>	<b>5</b>	<b>277</b>	1,697
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe		<b>1,065</b>	317
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<b>40,649</b>	40,980
		<b>41,714</b>	41,297
<b>CREIDIÚNAITHE: MÉIDEANNA A BHEIDH</b>			
<b>DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN</b>		<b>(241,901)</b>	(40,187)
<b>GLANSÓCMHAINNÍ/GLANDLITEANAS REATHA</b>		<b>(200,187)</b>	1,110
<b>SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE</b>			
<b>DLITEANAS REATHA</b>		<b>(199,910)</b>	2,807
<b>ARNA nAIRGEADÚ AG:</b>			
<b>CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ</b>			
Cuntas Caipitil	<b>6</b>	<b>277</b>	1,697
Cuntas loncaim agus Caiteachais		<b>(200,187)</b>	1,110
		<b>(199,910)</b>	2,807

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas i leith Beartas Cuntasaíochta agus na Nótaí ó 1 go 6.



CONLETH BRADLEY  
CATHAOIRLEACH



MS CAROL LODOLA  
RÚNAÍ

9 Nollaig 2005

DÁTA

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2004

## 1. GINEARÁLTA

Déantar maoiniú ar an mBord trí dheontas Oireachtais ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

## 2. NOCHTADH LEASA

I ghnáthchúrsa gnó féadfaidh an Bord athbhreithniú a dhéanamh ar chás achomhairc ina bhfuil baill den Bhord fostaithe nó ina bhfuil leas acu ann. Ghlac an Bord le gnáis de réir Cód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Poiblí i ndáil le nochtadh leasa ag baill an Bhoird agus cloíadh leis na gnáis seo i rith na bliana.

## 3. CÁNACHAS

Ní gá aon soláthar a dhéanamh do chánachas sna Ráitis Airgeadais.

## 4. TÁILLÍ DLÍ AGUS PROIFISIÚNTA

San áireamh san fhigíúr €259,394 tá soláthar €235,000 i ndáil leis na cásanna athbhreithnithe breithiúnacha atá tar éis a bheith tógha in aghaidh an Bhoird.

1. Idir Dubsky agus ALAB (An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe)

Uimhir Taifid 2000/ 259 JR

Rialaigh an Ard-Chúirt sa chás seo agus theip ar an achomharc. Tá costais €175,000 ag baint leis.

2. Idir Muir Sheal Teo agus ALAB Uimhir Taifid 2002/ 787 JR

Tá soláthar €60,000 a bhaineann le costais go dátá i ndáil le hiarratas ar chead le hathbhreithniú breithiúnach amháin a lorg. Tabhóifear tuilleadh costas leis an gcás nuair a thagann éisteacht chúirte aníos.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHЛИAIN DAR CHRÓCH 31 NOLLAIG 2004

## 5. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Trealamh Ríomhaireachta €	Trealamh Oifige €	Iomlán €
<b>COSTAS</b>			
Amhail an 1 Eanáir 2004	42,974	37,566	80,540
Breiseanna	-	245	245
Amhail an 31 Nollaig 2004	<u>42,974</u>	<u>37,811</u>	<u>80,785</u>
<b>DÍMHEAS</b>			
Amhail an 1 Eanáir 2004	41,505	37,338	78,843
Táille don bhliain	1,469	196	1,665
Amhail an 31 Nollaig 2004	<u>42,974</u>	<u>37,534</u>	<u>80,508</u>
<b>GLANLUACHANNA DE RéIR NA LEABHAR</b>			
Amhail an 31 Nollaig 2004	<u>-</u>	<u>277</u>	<u>277</u>
Amhail an 31 Nollaig 2003	<u>1,469</u>	<u>228</u>	<u>1,697</u>

## 6. CUNTAS CAIPITIL

	2004 €	2003 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2004	<b>1,697</b>	6,103
Aistriú ó/ go C(h)untas loncaim agus Caiteachais:		
- cistí leithdháilte le sócmhainní seasta a fháil	<b>245</b>	342
- Amúchadh de réir dímheasa	<b>(1,665)</b>	(4,748)
	<b>(1,420)</b>	(4,406)
<b>IARMHÉID AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2004</b>	<b>277</b>	<b>1,697</b>

## 7. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 9 Nollaig, 2005.

## 8. ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

De bhua Alt 73 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, is féidir le hiarratais d'athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh i dtaobh cinntí ar iarratais cheadúnais nó ar achomhairc. Coimeádann an Bord cuntas de na teagmhais sin de réir cleachtais cuntasaíochta choitianta.

